

Aighneacht le cur faoi bhráid na Bord Oideachais agus Oiliúna Éireann

maidir le hullmhú Scéime faoi fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2001)

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoi fhorálacha Alt 31 den Acht Oideachais (1998). I measc na bhfreagrachtaí atá ar an gComhairle, luaitear seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna agus sa chomhthéacs seo a dhéantar an aighneacht seo a chur faoi bhráid Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann.

Iarrtar ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Éireann a aithint go bhfuil iar-bhunscoil lán-Ghaeilge faoi chúram beagnach gach Bord Oiliúna agus Oideachais sa tír, eadhon:

Coláiste an Eachréidh

Coláiste Cholmcille

Coláiste Ghobnait

Coláiste Naomh Eoin

Coláiste na Coiribe

Gairmscoil Éinne

Gairmscoil Fheichín Naofa

Gairmscoil na bPiarsach

Coláiste Chomáin

Gaelcholáiste an Chláir (Aonad)

Coláiste na Sceilge (Aonad)

Gaelcholáiste Luimnigh

Gaelcholáiste Chiarraí

Gaelcholáiste Uí Chonbá (Aonad)

Gaelcholáiste Chéitinn (Aonad)

Meánscoil San Nioclás

Coláiste Ghobnatan Naofa

Gaelcholáiste Chloch na gCoillte (Aonad)

Gaelcholáiste Choilm (Aonad)

Gaelcholáiste Daibhéid

Gaelscoil na Tríonóide (Aonad)

Scoil Mhuire

Gaelcholáiste Cheatharlach

Coláiste Chilllain

Coláiste Cois Life

Coláiste de hÍde

Coláiste Pobail Osraí

Gaelcholáiste Reachrann

Coláiste Lú (A)

Coláiste Pobail Rath Cairn

Meánscoil Gharman

Coláiste Ráithín

Gaelcholáiste na Mara

Tá pobail láidre Ghaeltachta agus Ghaeilge ag na scoileanna sin agus riachtanais ar leith acu agus é de cheart acu a bheith ag súil le seirbhís d'ardchaighdeán as Gaeilge a bheith ar fáil go fáilteach, gan deacracht i ngach teagmháil a bhíonn acu leis na Boird Oideachais agus Oiliúna.

Maidir le scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, moltar go mbeidh aird ar na pointí seo a leanas:

Le héiteas lán-Ghaeilge na scoileanna a chaomhnú,

- daoine le Gaeilge a cheapadh mar chathaoirligh agus mar bhaill ar na boird bainistíochta
- tacaíocht a chur ar fáil do na boird bainistíochta agus do bhainistíocht na scoileanna sna gnéithe ar leith a bhaineann le hoideachas lán-Ghaeilge a chur chun cinn, go háirithe mar a bhaineann le polasaithe scoile don teagasc trí Ghaeilge agus le húsáid na Gaeilge sa scoil.
- tacaíocht a chur ar fáil do pholasaithe tumoideachais sna scoileanna
- gach próiseas ceapacháin foirne a riaradh trí mheán na Gaeilge
- a chinntiú go mbíonn gach múinteoir a cheaptar lán-inniúil ar an nGaeilge agus ar an teagasc trí Ghaeilge.
- baill foirne eile a chumasú le gnó na scoile a dhéanamh trí Ghaeilge.
- deiseanna fhorbairt leanúnach phearsanta a chur ar fáil don Ghaeilge agus trí Ghaeilge
- tacaíochtaí a chur ar fáil do na scoileanna chun na dea-chleachtais aitheanta idirnáisiúnta a chur ar fáil do na scoileanna lán Ghaeilge
- Gaeilge a bheith ag aon oifigeach de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna agus é/í ar cuairt ar scoil nó ag plé le haon scoil Ghaeltachta nó lán-Ghaeilge.
- Fógraí agus foirmeacha a bheith ar fáil as Gaeilge

- gach comhfhreagras leis na scoileanna a chur ar fáil as Gaeilge nó go dhátheangach
- gach áis-phacáiste a sheolann aon Bhord Oideachais agus Oiliúna chuig na scoileanna. a bheith ar fáil as Gaeilge nó go dhátheangach
- comharthaíocht i nGaeilge amháin nó comharthaíocht dhátheangach a bheith i ngach foirgneamh de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna.
- suíomh gréasáin agus comhfhreagras leictreonach dá theangach agus rogha soiléir ar oscailt an tsuímh a bheith ag gach Bord Oideachais agus Oiliúna.
- aitheantas a thabhairt do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge i gcomórtais, tionscadail nó taispeántais a reáchtálann aon Bhord Oideachais agus Oiliúna.
- aitheantas a thabhairt do riachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge in aon chlár de chuid na mBord Oideachais agus Oiliúna a bhaineann le leithéide mí-bhuntaíste, litearthacht, luathfhágáil scoile, feasacht drugaí etc.